# Leabhar Mór Ghuslaeir ar Fhuinneamh



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

SEI SUSTAINABLE ENERGY IRELAND

SUSTAINABLE ENERGY IRELAND

Fuinneamh Inmharthana Éireann
Teach Pháirc Wilton
Plás Wilton
Baile Átha Cliath 2
T 01 836 9080 • F 01 837 2848
info@sei.ie • www.sei.ie

# Leabhar Mór Ghuslaeir ar Fhuinneamh

Maisiúchán

**Derry Dillon**

Leagan Gaeilge

**Úna Ní Eidhin**

Eagarthóireacht Ghaeilge

**Séamus Ó Coileáin**



# Leabhar mór Ghuslaeir ar Fhuinneamh

Fáilte chuig *Leabhar mór Ghuslaeir ar Fhuinneamh*. Úsáidtear an leabhar mór seo agus an leabhar oibre a théann leis, *Fiosraíonn Guslaer faoi chúrsaí fuinnimh*, atá curtha le chéile ag Fuinneamh Inmharthana Éireann (SEI), chun múineadh do pháistí sna naíonáin bheaga agus sna naíonáin mhóra faoi fhuinneamh i gcomhthéacs churaclam an OSIE.

Cuireadh na leabhair seo le chéile le cúnamh agus comhairle ó mhúinteoirí na ranganna seo agus baineadh triail astu sa seomra ranga ar dtús le fáil amach an mbeidís feiliúnach. Tá siad dírithe ar ghnéithe faoi fhuinneamh a bheadh i gceist i gcuraclam an OSIE san Eolaíocht, Tíreolaíocht agus Stair. I measc na ngnéithe seo, tá Fuinneamh agus fórsaí; Ábhair; Feasacht agus cúram timpeallachta; Timpeallachtaí Daonna; Mé féin agus mo theaghlach; agus Athrú agus leanúnachas.

Is ainmhí cineálta é Guslaer atá ina chónaí i gcófra Aoife. Is éard atá sa leabhar mór seo ná cur síos ar an gcaoi a múineann Aoife do Ghuslaer conas fuinneamh a spáráil agus gan ach an fuinneamh a theastaíonn uaidh a úsáid. Is foghlaimeoir díograiseach é Guslaer agus tógann sé nótaí ar na rudaí a deir Aoife, a teaghlach agus a cairde leis.

Pléitear téamaí ar leith sa leabhar mór agus is féidir plé níos doimhne a dhéanamh orthu sa leabhar oibre, *Fiosraíonn Guslaer faoi Chúrsaí Fuinnimh*, a bhfuil fiosrúcháin, gníomhaíochtaí agus taispeántais éagsúla le fáil ann. Ba chóir gur sa seomra ranga a dhéanfaí iad seo, áit a bhfuil fáil ar an trealamh ar fad a theastaíonn uait. Tabharfaidh na rudaí seo cúnamh níos fearr don mhúinteoir na téamaí a mhíniú níos fearr.


"Cén chaoi a bhfuil sibh? Is mise Aoife. Is é seo Guslaer. Tá sé ina chónaí i mo chófra. Is maith leis a bheith ag úsáid go leor fuinnimh. Taispeánfaidh mé duit céard atá i gceist agam agus b'fhéidir go mbeifeá ábalta cúnamh a thabhairt dom múineadh dó gan an oiread fuinnimh a úsáid."







Is é seo seomra Aoife.
Tá Aoife agus Guslaer
ina gcodladh.


ZZZZZZ

“Cén chaoi a bhfuil tú ar maidin, a Ghuslaeir,” arsa Aoife. “Ní gá dúinn an solas a chasadh air – caitheann sé leictreachas. Tá an ghrian ag taitneamh, mar sin osclóimid na cuirtíní! Faighimid teas agus solas ón ngrian.”






"Caithfimid bia a ithe chun go mbeidh fuinneamh againn. Bí ag ithe leat, a Ghuslaeir," arsa Aoife.

"Úsáidimid an fuinneamh
a fhaighimid ó bhia chun
dul...






**Cén fáth nach bhfiosraímid é?**
Féach Téama 1: Céard is fuinneamh ann? Gníomhaíocht 1: Fuinneamh ó bhia sa leabhar oibre *Fiosraíonn Guslaer faoi chúrsaí fuinnimh*.

...agus muid inár gcodladh fiú," arsa Aoife.

“Úsáidimid fuinneamh chun uisce a théamh. Cuir stopallán sa doirteal, a Ghuslaeir, mar ní gá an t-uisce te ar fad a úsáid. Is cur amú fuinnimh é!” arsa Aoife.



"Go raibh maith agat, a Mhamaí," arsa Aoife.
"Tugaimid linn an bosca lóin agus an buidéal céanna gach lá agus dá réir sin, ní bhíonn mála plaisteach ná buidéal le caitheamh sa bhruscar againn gach lá. Tá sé seo go maith don timpeallacht."

**Cén fáth nach bhfiosraímid é?** Féach Téama 4: Fuinneamh a spáráil, Fiosrúchán 1: Ag déanamh múirín, sa leabhar oibre *Fiosraíonn Guslaer faoi chúrsaí fuinnimh.*



"Caithfimid éadaí teolaí a chaitheamh inniu, a Ghuslaeir, mar tá sé fuar agus gaofar taobh amuigh. Má chaithimid níos mó éadaí, coinneoimid an teas istigh agus beidh ár gcolainneacha níos teolaí," arsa Aoife.

**Cén fáth nach bhfiosraímid é?** Féach Téama 4: Fuinneamh a spáráil, Fiosrúchán 3: Insliú, sa leabhar oibre *Fiosraíonn Guslaer faoi chúrsaí fuinnimh*.




"Gabh i leith, a Ghuslaeir! Tá Daidí ag siúl chuig an scoil in éineacht linn inniu. Tá sé le dul ar an mbus ansin chun dul chuig an obair. Má fhágann tú an carr sa bhaile uaireanta, beidh tú ag spáráil fuinnimh. Tá sé seo go maith don timpeallacht," arsa Aoife.



"An bhfuil tú ábalta cuidiú liom insint do Ghuslaer faoi na bealaí difriúla ar fad atá ann chun dul chuig an scoil agus insint dó cé acu de na bealaí seo is lú a chaitheann fuinneamh?"





**Cén fáth nach bhfiosraímid é?**

Féach Téama 3: An fuinneamh a bhí ann fadó agus an fuinneamh ar fud an domhain, Ábhar 2: Iompar, suirbhé: ag taisteal chuig an scoil, sa leabhar oibre *Fiosraíonn Guslaer faoi chúrsaí fuinnimh.*

“Táimid chun cuidiú le hAoife inniu. Tá Aoife ag iarraidh a mhúineadh do Ghuslaer conas fuinneamh a spáráil, is é sin gan a úsáid ach an méid fuinnimh a theastaíonn uainn. An féidir le haon duine agaibh cuidiú léi?” arsa an múinteoir.




Gráinneog

"Nuair a bhíonn sé geal taobh amuigh, múch an solas. Ná fág an solas ar siúl sa seomra mura bhfuil aon duine istigh ann," arsa Séamus.



"Spárálfaidh tú fuinneamh má bhíonn tú ag athchúrsáil. Bailigh le chéile buidéil, cannaí agus páipéar agus cuir sa bhosca athchúrsála iad," arsa Seán.




**Cén fáth nach bhfiosraímid é?**

Féach Téama 4: Fuinneamh a spáráil, Fiosrúchán 2: Athchúrsáil Páipéir, sa leabhar oibre *Fiosraíonn Guslaer faoi chúrsaí fuinnimh*.

“Ná cuir uisce amú. Cuir an stopallán sa doirteal agus ná fág an t-uisce ag rith fad is a bhíonn tú ag glanadh do chuid fiacla,” arsa Zara.




“Má bhíonn tú fuar, ná bac leis an teas a ardú. Cuir geansaí ort ina áit,” arsa Abdul.



"Múch an teilifís nuair nach mbíonn tú ag breathnú air mar caitheann sé leictreachas. Déan cinnte go mbíonn sé múchta ar fad agus nach mbíonn an solas dearg fanta air," arsa Máire.



"Má tá sé sábhailte, téigh ag siúl nó ar an rothar chuig an scoil nó téigh ar an mbus," arsa Peadar.



“Má thaistealaíonn tú chuig an scoil i gcarr, cuir ceist ar do Mhamaí agus do Dhaidí an dtabharfaidh siad do chuid cairde chuig an scoil freisin. Is féidir le Mamaí agus Daidí duine de do chairde sibh a thabhairt chuig an scoil an tseachtain ina dhiaidh sin agus mar sin de,” arsa Áine.



Tá Guslaer ar bís. Scríobhann sé síos na rudaí a dúirt na páistí leis ina chóipleabhar.




"Nuair a dhéanaim cupán tae dom féin, ní líonaim an citeal go béal le huisce. Ní chuirim ann ach an méid uisce a theastaíonn uaim chun cupán tae a dhéanamh. Ach cuimhnigh, ní féidir le páistí dul in aice leis an gciteal!" arsa Mamaí.

**Cén fáth nach bhfiosraímid é?** Féach Téama 4: Fuinneamh a spáráil, Fiosrúchán 5: Fuinneamh a spáráil sa chistin, sa leabhar oibre *Fiosraíonn Guslaer faoi chúrsaí fuinnimh.*

“Cén chaoi a bhfuil tú, a Ghuslaeir! Is féidir linn an ghrian agus an ghaoth a úsáid chun ár n-éadaí a thriomú in áit an triomadóir éadaí a úsáid,” arsa Daidí.



“Nuair a dhéanaimid athchúrsáil ar channaí, brúitear le chéile na seanchannaí agus úsáidtear iad chun cannaí nua a dhéanamh. Úsáidtear níos lú fuinnimh ar an mbealach seo,” arsa Conor.



"Is seaicéad fálaithe é seo. Coinníonn sé an t-uisce te ar feadh achar níos faide. Tá sé cosúil le cótaí troma a chur orainn féin sa gheimhreadh," arsa Aoife.

**Cén fáth nach bhfiosraímid é?** Féach Téama 4: Fuinneamh a spáráil, Fiosrúchán 4: Inslitheoirí maithe agus droch-inslitheoirí, sa leabhar oibre *Fiosraíonn Guslaer faoi chúrsaí fuinnimh*.



**Ní duitse é sin, a Ghuslaeir!**



Tá Guslaer tuirseach tar éis lá gnóthach a chaitheamh ag foghlaim conas fuinneamh a spáráil agus gan ach an méid fuinnimh a theastaíonn uaidh a úsáid. Téann Aoife agus Guslaer a chodladh.

**Codladh sámh!**






Tá taibhreamh ag Guslaer faoi conas fuinneamh a spáráil. An féidir leat cuidiú leis?



Conas is féidir linn fuinneamh uisce a spáráil agus muid ag níochán?



Úsáideann go leor rudaí éagsúla leictreachas. Céard iad na rudaí is cóir dúinn a mhúchadh nuair nach mbímid á n-úsáid nó nuair a fhágaimid an seomra?

Conas is féidir linn fuinneamh a spáráil agus muid ag taisteal chuig an scoil?



Cad is cóir dúinn a dhéanamh nuair a bhímid fuar – geansaí a chur orainn nó ceist a chur ar dhuine fásta an teas a ardú?



"Go raibh maith agat as ucht do chuid cúnaimh. Déan iarracht a fháil amach an bhfuil tusa, do chuid cairde agus do theaghlach ábalta fuinneamh a spáráil sa bhaile agus ar scoil agus gan ach an méid fuinnimh a theastaíonn uaibh a úsáid!"







Fuinneamh Inmharthana Éireann
Teach Pháirc Wilton
Plás Wilton
Baile Átha Cliath 2
T 01 808 2049 • F 01 808 2002
info@sei.ie • www.sei.ie

Faigheann Fuinneamh Inmharthana Éireann maoiniú ó Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus déanann an tAontas Eorpach páirtmhaoiniú ar chláir faoin bplean.

Chun níos mó a fháil amach faoi fhuinneamh a theagasc, téigh chuig an suíomh gréasáin atá ag Fuinneamh Inmharthana Éireann (SEI) **www.sei.ie**